

An Bhruiséil, 18 Meitheamh 2026
(OR. en)

8664/26

**Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0803 (NLE)**

LIMITE

**DENLEG 37
AGRILEG 104
SAN 255
CONSOM 138
RECH 195
MI 401
FOOD 50**

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia a dhéanann ionadaíocht do leasanna na sochaí sibhialta agus an bhiashlabhra

1. I gcomhréir le hAirteagal 25(1a)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002¹, ar Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA) tá ceathrar comhaltaí agus ceathrar comhaltaí malartacha a bhfuil ceart vótála acu agus a dhéanann ionadaíocht do leasanna na sochaí sibhialta agus an bhiashlabhra.
2. Rachaidh téarma oifige na gcomhaltaí reatha agus na gcomhaltaí malartacha a dhéanann ionadaíocht do leasanna na sochaí sibhialta agus an bhiashlabhra in éag an 30 Meitheamh 2026².
3. Ba cheart, dá bhrí sin, na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha a dhéanann ionadaíocht do leasanna na sochaí sibhialta agus an bhiashlabhra a cheapadh do théarma oifige nua 4 bliana, dar tús an 1 Iúil 2026.

¹ Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta maidir le cúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

² 9123/22

4. An 12 Márta 2026, chuir an Coimisiún liosta iarrthóirí faoi bhráid na Comhairle a roghnaíodh chun na comhaltaí thuasluaite a cheapadh³.
5. An 17 Márta 2026, d'iarr an Chomhairle ar Pharlaimint na hEorpa a tuairim a chur faoi bhráid na Comhairle a luaithé is féidir, agus tráth nach déanaí ná an 16 Meitheamh 2026.
6. An 4 Meitheamh 2026, thug Parlaimint na hEorpa a tuairim uaithi don Chomhairle⁴.
7. An 5 Meitheamh 2026, bunaithe ar na sonraí a fuarthas ó na toscaireachtaí agus i gcomhréir leis an nós imeachta roghnúcháin a d'fhorghuainigh Coiste na mBuanionadaithe⁵, shainaithin Ardrúnaíocht na Comhairle na hiarrthóirí ag a bhfuil an líon is airde moltaí agus chuir sí na toscaireachtaí ar an eolas faoi (féach an Iarscríbhinn).
8. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe (Cuid 1), dá bhrí sin, an méid a leanas a dhéanamh:
 - a dhearbhu go dtacaíonn sé leis na hionadaithe a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo;
 - a mholadh don Chomhairle an Cinneadh lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha ar Bhord Bainistíochta an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia, a dhéanann ionadaíocht do leasanna na sochaí sibhialta agus an bhiashlabhra, a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, mar a leagtar amach in 8666/26 é, tar éis do na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch a chur ar an téacs;
 - a mholadh don Chomhairle cinneadh a dhéanamh an Cinneadh a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

³ 7235/1/26 REV 1

⁴ 10256/26

⁵ 6306/22

**CEAPACHÁN COMHALTAÍ AGUS COMHALTAÍ MALARTACHA AR BHORD
BAINISTÍOCHTA AN ÚDARÁIS EORPAIGH UM SHÁBHÁILTEACHT BIA A
DHÉANANN IONADAÍOCHT DO LEASANNA NA SOCHAÍ SIBHIALTA AGUS AN
BHIASHLABHRA**

Ceapacháin mar ionadaithe d’eagraíochtaí tomhaltóirí don tréimhse ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2030:

- Agustín REYNA (comhalta),
- Izaskun MARTÍN CABREJAS (comhalta malartach).

Ceapacháin mar ionadaithe d’eagraíochtaí comhshaoil neamhrialtasacha don tréimhse ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2030:

- Martin DERMINE (comhalta).

Ceapacháin mar ionadaithe d’eagraíochtaí feirmeoirí don tréimhse ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2030:

- Max SCHULMAN (comhalta),
- José María CASTILLA BARÓ (comhalta malartach).

Ceapacháin mar ionadaithe d’eagraíochtaí tionscail don tréimhse ón 1 Iúil 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2030:

- Roxane RÖTHLISBERGER FELLER (comhalta),
- Alejandro David RODARTE CASTREJÓN (comhalta malartach).